

Réamhrá:

Déanfaidh Gaelscoil Chill Mhantáin oideachas trí mheán na Gaeilge a ghlacadh chuici féin agus a spreagadh sna daltaí ionas go gcothófaí meas ar ár dtír, ár gcultúir agus ár n-oidhreacht.

Feidhmeoidh an scoil faoi éiteas comhpháirteach Caitliceach/Protastúnach, ag tabhairt aitheantas don pháirt leithleach atá ag an dá thraidisiún agus a léiriú sainchreidimh i saol na hÉireann. Tá an Ghaelscoil ag iarraidh tuiscint agus meas a chothú i leith an dá shainchreideamh agus meas agus tuiscint ar chreidimh daoine eile a chothú ag an am céanna.

Déanfaidh éiteas na scoile na daltaí a spreagadh chun foirfeacht i ngach a déanann siad ar scoil agus a ndéanfaidh siad ina saol amach anseo.

Foibróidh an scoil tuiscint áite agus meas ar ár dtimpeallacht i ndaltaí na scoile.

Aidhmeanna an Chód:

- 1 Tá riachtanais agus cuinsí faoi leith na scoile tógtha san áireamh agus an cód iompair seo a chur le chéile. Is í aidhm na scoile ná a chinntiú go bhfuil áit d'indibhidiúlacht gach dalta agus ag an am céanna go n-aithnítear go bhfuil sé de cheart ag gach páiste oideachais a fháil i dtimpeallacht oideachaisiúil dearfach saor ó chur isteach.
- 2 Tá sé mar aidhm ag an scoil feidhmiú ar bhealach ordúil chomchuí ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt.
- 3 Tá sé mar aidhm ag an scoil atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ag gach duine ar a chéile, ar dhifríochtaí idir daoine indibhidiúlachta agus ina nglactar le gach duine.
- 4 Déanfar iarracht iompar dearfach agus féinsmacht a chothú agus aird á thabhairt ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin.
- 5 Tá sé mar aidhm sábhailteacht agus dea-bhraisint gach ball den phobal scoile a chinntiú.
- 6 Luafar na rialacha ar bhonn soiléir dearfach, ag leagan síos céard is cóir do na daltaí déanamh, cuirfear an -bhéim ar atreisiú dearfach trí mholadh, spreagadh agus duaiseanna luaíoch agus cinnteofar go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna luaíoch agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile.
- 7 Aontaítear go dtagann ardchaighdeán iompair ó phobal scoile atá láidir, ó chomhoibriú daingean idir thuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí. Tá sé mar aidhm againn cabhrú le thuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den Chód Iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm.
- 8 Is ar phríomhoide agus príomhoide táinisteach na scoile an dualgas foriomlána maidir le smacht sa scoil. Tá dualgas ar gach mhúinteoir smacht a choinéail ina rang agus ag an am chéanna a bheith freagrach as deásmacht ar láthair na scoile. Cuirfear dalta chuig an bpríomhoide le haghaidh aon drochiompair mhóir nó le haghaidh drochiompair leanúnaigh. Coiméadfar cuntas (nótaí an mhúinteoir agus leabhar eachtraí san oifig), ar mhaithe an pháiste, d'aon eachtra mí-iompair.

Is iad seo a leanas samplaí de na straitéisí is féidir a úsáid agus foireann na scoile ag deileáil le drochiompair:

- Réasúnú leis an bpáiste.
- Casoid agus comhairle a thabhairt ar chonas maidir le feabhsú.
- Scaradh sealadach óna phiaraí, chairde agus ar uile
- Pribhléidí a chailleadh.
- Obair bhreise a thabhairt.
- An páiste a chuir chuig an bpríomhoide.
- Dul i dteagmháil leis na thuismitheoirí (ó bhéal trí labhairt leo nó i scríbhinn)
- An páiste a chur ar fionraí sealadach (féach Riail 130 alt 5 de Rialacha Scoileanna Náisiúnta)
- An páiste a dhíbert ón scoil(féach Riail 130 alt 6 de Rialacha Scoileanna Náisiúnta)

Caithfidh solúbthacht a bheith ann chun indibhidiúlacht gach cás a thógaint san áireamh.

Déanfar gach iarracht, ar bhonn rialta, na thuismitheoirí a choimeád ar an eolas, faoi iompair agus dul chun cinn a bpáistí, go rialta.

Rialacha na scoile:

Is iad seo a leanas rialacha na scoile don scoil, don chlós agus don seomra ranga:

Rialacha Scoile:

- 1 Is í Gaeilge teanga na scoile agus caithfear í a labhairt an t-am ar fad (chomh fada agus is féidir).
- 2 Ní ghlactar le bulaíocht d'aon saghas.
- 3 Níl cead fón a bheith in úsáid ag aon dhalta fad agus atá sé/sí ar chríocha na scoile. Is cóir fón póca a choimeád sa mhála scoile agus é múchta. Níl cead é a chuir ar siúl i rith am scoile gan cead an mhúinteora.
- 4 Níl cead láthair na scoile a fhágáil le linn am scoile gan chead an mhúinteora .I gcás go gcaithfidh an páiste an scoil a fhágáil go luath in éineacht le tuismitheoir/caomhnóir caithfear cead an mhúinteora a fháil. Is cóir do thuismitheoirí cead a lorg trí nóta scríofa a thabhairt do dhuine d'fhoireann na scoile.
- 5 Is cóir do dhaltaí na scoile meas a thaispeáint don fhoireann scoile, do dhaltaí eile na scoile, do chuariteoirí agus d'fhearas na scoile an t-am ar fad. Leantar treoracha an mhúinteora an t-am ar fad. Ní chóir d'aon dhalta aon ní a dhéanamh a chuirfidh iad féin nó éinne eile i mbaol.
- 6 Caithfear éide na scoile a chaitheamh ar scoil gach lá.
- 7 Caithfear siúl taobh istigh d'fhoirgneamh na scoile an t-am ar fad.
- 8 Tá beartais Lón Slántúil i bhfeidhm sa scoil agus caithfear cloí leis.
- 9 Níl guma coganta ceadaithe sa scoil.
- 10 Tá cosc ar tabac sa scoil.
- 11 Caithfear obair bhaile a dhéanamh ar ardiomlán a chumais.

Rialacha an Chlóis:

- 1 Seastar sna línte go múinte.
- 2 Ní ghlactar le h-aon spraoi garbh sa chlós.
- 3 Is cóir do gach pháiste fanacht lastigh de limistéir an chlóis. Níl cead an clós a fhágáil gan cead ón mhúinteoir.
- 4 Nuair a bhuailtear an chlog is cóir do gach dalta siúl go sochair, múinte go dtí a líne féin.
- 5 Ar lá fluich suíonn na daltaí go múinte ina seomra ranga féin.

Rialacha Ranga:

- 1 Is cóir go mbeadh na leabhair, cóipleabhair agus fearais is gá ag gach dalta.
- 2 Tátar ag súil go n-oibríodh gach páiste go h-ardiomlán a chumais.
- 3 Tátar ag súil go gcomhoibríodh na daltaí lena mhúinteoiri an t-am ar fad agus go leanfaidh siad a dtreoir.
- 4 Ní ghlactar le h-aon iompar a chuireann isteach ar aon pháiste eile.

Nósanna Imeachta:

Déanfaidh an múinteoir agus/nó an Príomhoide móltóireacht ar chéim an oilghnímh mar shampla , mion,dairíre nó an-dáiríre, bunaithe ar bhonn ciallmhaire ag braith ar cé chomh dáiríre nó minice is atá na hoilghníomh mar seo a leanas:

Samplaí de mhionhoilghníomhacha:

Ag cur isteach ar obair ranga/ Ag rith sa scoil/ Ag labhairt sa line ranga/ Ag fágaint an chathaoir gan cead i rith am lóin/ Ag labhairt Béarla ar scoil/Ag fágáil bruascar timpeall na scoile/ Gan bheith ag caitheamh na héide scoile ceart/A bheith mímhúinte/drochbhéasach/Gan an obair bhaile a dhéanamh gan chúis mhaith/ Gan an obair bhaile a bheith sínithe ag tuismitheoir/ Gan seasamh i gceart sa line.

Samplaí de chéimeanna gur féidir tógáil chun déileáil le mhionoilghníomh rialta:

Céim 1(sa seomra ranga)

- Ag tabhairt obair bhreise
- Ag scríobh amach cóip amháin de rialacha na scoile
- Ag scríobh amach an riail a briseadh suas go dtí 20 uair lad ar fad thuas le bheith sínithe ag tuismitheoir.
- Nóta abhaile sa dialann obair bhaile nó litir smachta abhaile le bheith sínithe ag tuismitheoir.
- Scaradh sealadach óna gcairde – sa rang agus ag am lóin.
- Á chur go dtí múinteoir eile.

- Foláireamh d'aon pháiste go bhfuil a n-ainm sa leabhair chlóis níos mó ná trí huair. Cuirfear nóta abhaile chuig tuismitheoirí má leanann an drochiompair sa chlós. (Taifead sa leabhar eachtraí san oifig).
- Ag fanacht istigh leis an bpríomhoide ag am lóin.

(Is ionann drochiompar sa chlós agus aon iompair a ghortaíonn nó a chuireann an páiste féin nó aon pháiste eile i mbaol)

Samplaí d'oilghníomh dáiríre:

Ag síorbhriseadh Riail na Gaeilge/De shíor ag cur isteach ar an rang/Ag insint bréaga/Ag Goid/Ag déanamh damáiste d'fhearas na scoile nó aon pháiste eile/Ag bulaíocht/Ag tabhairt aisfhreagra don mhúinteoir/ A bheith ar láthair na scoile taréis am scoile gan cead na scoile/Ag úsáid fón ceamaire ar scoil/ Ag úsáid fón póca ar scoil gan cead/Ag fágaint láthair na scoile gan cead/ Ag úsáid droch theanga/ Ag tógaint uirlís contúirteach ar scoil.

Ní ba chóir go dtógfaí earraí luachmhara ar scoil. Níl an scoil freagrach as fearas daltaí atá fágtha ar scoil. Caithfear ioc as aon damáiste déanta d'fhearas na scoile, glanadh graffiti san áireamh.

Samplaí de chéimeanna gur féidir úsáid le déileáil le h- oilghníomh dáiríre:

- Le cur go dtí an leasphríomhoide
- Le cur go dtí an príomhoide
- Cuireann an príomhoide nóta nó litir abhaile le bheith sínithe ag tuismitheoirí
- Buailéann an príomhoide agus an múinteoir ranga le tuismitheoir/tuismitheoirí
- Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta curtha ar an eolas agus cruinniú idir na tuismitheoirí, an príomhoide agus an chathaoirleach eagraithe.

Samplaí d'oilghníomh an-dáiríre:

As láthair ón scoil gan cead" mitching"/Ag cur an scoil i mbaol tine/Ag fágaint na sconnáí ar siúl d'aon ghnó/lompair ionsaitheach, bagarthach nó foréigneach i dtreo dalta nó múinteoir/ Ag caitheamh tobac nó ag ól alcóil ar scoil/l seilbh nó ag úsáid drugaí/lompair soiléir gnéasúil/ Síorbhulaíocht.

Is cóir a thabhairt faoi ndeara gur samplaí iad an liosta thuas;Ní liostáí iomlána iad do na hoilghníomhacha nó do na céimeanna le leanúint.

Coiméadfaidh na múinteoirí cuntas scríofa de gach oilghníomh an-dáiríre chomh maith le haon feabhsú san drochiompair. Sula smaointear ar smachtbhannaí móra ar nós fionraí beidh teagmháil idir an scoil agus na tuismitheoirí.

Déanfaidh an scoil teagmháil le tuismitheoirí ó bhéil nó i scríbhinn ag braith ar na cúinsí. Tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí teacht chun na scoile chun cás a bpáiste a phlé. Smaoineoidh an scoil ar fhionraí mar smachtbhanna le haghaidh oilghníomh an-dáiríre nó le haghaidh oilghníomh dáiríre rialta. Féachfar ar iompair ionsaitheach, bagarthach nó foréigneach i dtreo múinteoir mar oilghníomh dáiríre nó an-dáiríre ag braith ar na cúinsí.

Samplaí de chéimeanna gur féidir úsáid le déileáil le hoilghníomh an-dáiríre nó hoilghníomh dáiríre rialta:

Áit a bhfuil eachtraí rialta de hoilghníomh dáiríre cuirfear cathaoirleach an bhord bainistíochta ar an eolas agus tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí, i scríbhinn, teacht chun /ruinniú leis an gcathaoirleach agus an bpríomhoide. Muna dtugann na tuismitheoirí gealltanais go n-iompróidh an páiste é/í féin i gceart sa todhcháí , tá seans go mbeidh ar an bpáiste a bheith curtha ar fionraí ar feadh achar gearr. Beidh an fionraí i gcomhaontú le téarmaí na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta.

I gcásanna de hoilghníomh an-dáiríre tabharfaidh an bhoird údaráis don chathaoirleach nó an príomhoide fionraí láithreach a cheadú ag feitheamh ar phlé an eachtra leis na tuismitheoirí.

I gcásanna foircneacha is féidir an páiste a dhíbirt ón scoil.

An Bus Scoile:

Tá freagracht smachta ar an mbus scoile ag an gcomhlacht bus agus ag Bus Éireann. Tá an cumhacht ag Bus Éireann dalta a chur den bhus má tá said de shíor ag baint úsáid as droch iompair ar an mbus. Is cóir do thuismitheoirí aon

eachtra a tharlaíonn ar an mbus a insint do chomhlacht an bhus nó do Bhus Éireann. Cuirfidh an scoil tuismitheoirí ar an eolas faoi aon eachtra a tharlaíonn ar an mbus scoile ach níl aon údarás ag an scoil ar chúrsaí iompair ar an mbus scoile.

Ról na dTuismitheoirí:

Tá comhoibriú agus tacaíocht gach tuismitheoir riachtanach le Cód Iompair éifeachtach a chur i bhfeidhm tríd na scoile. Is cóir go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi rialacha na scoile agus iad a mhianú dá bpáistí. Is cóir do thuismitheoirí tacú leis na múinteoirí i ndeá-iompair a chothú sna páistí. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas go luath faoi aon deacrachtaí iompair a bheith ag a bpáistí i scríbhinn nó ó bhéal. Iarrtar ar thuismitheoirí teagmháil rialta a choimeád leis an scoil faoi gach gné de dhul chun cinn a bpáiste(i), trí choinne a dhéanamh, leis an múinteoir ranga, tríd an oifig. Ba cheart do thuismitheoirí eolas a thabhairt ar an ábhar atá said ag iarraidh a phlé.

Athbheithniú ar an gCód:

Tabharfar cóip den chód do gach tuismitheoir nua roimh a thosaíonn an páiste sa scoil ag am clárúcháin. Iarrfar ar gach tuismitheoir staidéar a dhéanamh ar an gcód, an fhoirm leis a shíniú agus a sheoladh ar ais, ag cur in iúil go nglacann siad leis. Is coinníoll freastail na scoile seo é go maireann daltaí na scoile le rialacha an chóid. Tá an Cód Iompair ar fáil ar suíomh idirlíne na scoile. Déanfar athbheithniú ar an gCód go bliantúil.

Cruthaithe	
Athbheithniú déanta	Deireadh Fómhair 2011
Athbheithniú déanta	Samhain 2014
Athbheithniú le déanamh	Samhain 2015

Rinneadh athbheithniú ar an bpolasaí seo ag:

- 1 Foreann Teagaisc Gaelscoil Chill Mhantáin
- 2 Cumann na dTuismitheoirí
- 3 An Bord Bainistíochta

